

**ROINN NA NUA-GHAEILGE**

**AN TRÍÚ BLIAIN**

**2024–2025**

## CLÁR

	<b>Lch</b>
Clár Ábhair	2
Treoir ó na Comhairleoirí	3-7
Eolas Riachtanach do Mhic Léinn na Céime	8
Córas Aistrithe Creidiúintí na hEorpa ( <i>ECTS</i> )	9
NG301	10
NG311	11
NG323	12
NG330	13
NG332	14
NG333	15
NG334	16
NG335(X)	17
NG339	18
NG342	19
NG343	20
NG261	21-22
SG207	23
SG208	23
SG307	24
SG308	24
Amchlár Sealadach Sheimeastar I	25-26
Amchlár Sealadach Sheimeastar II	27
Obair Scríofa/ Aistí na Tríú Bliana: Leathanach Clúdaigh	28

## Treoir ó na Comhairleoirí

Meán Fómhair 2024

### Fáilte

Fáilte romhat ar ais agus tú ag dul isteach sa Tríú Bliain. Cuirfidh an leabhrán seo ar an eolas thú maidir le cúrsa na Gaeilge sa Tríú Bliain. Iarrtar ort gach rud a léamh ann go cúramach. Ina dhiaidh sin, má bhíonn aon cheist fós agat i dtaobh an chúrsa, féadfaidh tú labhairt le duine de Chomhairleoirí na Tríú Bliana a bheidh ar fáil ag na hamanta a thaispeánfar ar dhoirse a n-oifigí. Tá breis eolais faoi le fáil i dtaobh riachtanais na Tríú Bliana ar an nasc seo a leanas:

[http://apps.maynoothuniversity.ie/courses/?TARGET=QS&MODE=VIEW&QUALIFICATION\\_CODE=ARTS&OFFERING\\_CODE=U\\_HONS\\_DEGREES&SUBJECT\\_CODE=&TARGET\\_SOURCE=CS&KEYWORD=ngh300](http://apps.maynoothuniversity.ie/courses/?TARGET=QS&MODE=VIEW&QUALIFICATION_CODE=ARTS&OFFERING_CODE=U_HONS_DEGREES&SUBJECT_CODE=&TARGET_SOURCE=CS&KEYWORD=ngh300). Roghnaigh ‘Year 3’ agus ansin roghnaigh ‘Nua-Ghaeilge.’ Caithfidh tú an t-ábhar cuí a bhaineann leis an Tríú Bliain a léamh san fhoinsé seo chomh maith.

### Comhairleoirí na Tríú Bliana

An Dr Brian Ó Catháin.  
[Brian.OCathain@mu.ie](mailto:Brian.OCathain@mu.ie)

An Dr. Lára Ní Mhaoláin (Seimeastar 2 amháin).  
[Laura.A.Malone@mu.ie](mailto:Laura.A.Malone@mu.ie)

### Fógraí tábhachtacha

#### Freastal

Ní mór duit a bheith i láthair ag **gach** léacht, rang teagaisc, rang oidis agus ceardlann teanga a bhaineann le do chúrsa sa Nua-Ghaeilge.

Má chailleann tú níos mó ná 25% de léachtaí na **modúl roghnach**, marc 0% a gheobhaidh tú dá bharr agus beidh ort na scrúduithe a shuí arís.

Sa chás go gcailleann tú léacht nó rang de bharr tinnis nó ar údar bailí eile, ba cheart teastas dochtúra a thabhairt isteach chuig an Rúnaí agus cuirfear sin san áireamh.

Beidh liosta tinrimh le síniú mar dhearbhú ar fhreastal ag na léachtaí.

**Ní ceadmhach d’aon duine an liosta tinrimh a shíniú thar ceann duine eile.**

- **Má bhíonn deacrachtaí sláinte nó pearsanta agat, mínigh an scéal chomh luath agus is féidir leat le duine de Chomhairleoirí na Tríú Bliana.**
- Ná lig do phostanna páirtaimseartha nó don saol sóisialta a theacht idir thú agus do chuid staidéir: cuimhnigh gur mac léinn lánaimseartha thú agus go bhfuil dualgas ort tús áite a thabhairt don léann.

- Labhair an oiread sin Gaeilge agus is féidir leat le mic léinn eile na Gaeilge. Glac páirt i saol na Gaeilge i Maigh Nuad (m.sh. Cuallacht Cholm Cille, *Léachtaí Cholm Cille* a bhíonn ar siúl mí an Mhárta/ mí Aibreáin, Seachtain na Gaeilge srl.) agus i mBaile Átha Cliath (m.sh. Club Chonradh na Gaeilge) agus in áiteanna eile. Sa Leabharlann is féidir leat na hirisí Gaeilge a léamh – *Comhar, Feasta* srl. Más sa bhaile atá tú, caith roinnt ama ag breathnú ar TG4 nó ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta (92.9 FM agus 93.5 FM).
- Seiceáil do chuntas **oifigiúil** ríomhphoist (...@mumail.ie) go laethúil – is chuige sin a chuirfear aon teachtaireacht a bhaineas le hobair na Tríú Bliana.
- Breathnaigh go rialta ar Moodle – is ann a chrochfar teidil aistí, torthaí agus fógraí eile.
- Bí cinnte go mbainfidh tú úsáid cheart as an Leabharlann go rialta. Má luaitear léitheoireacht bhreise leat sna léachtanna difriúla, beidh fáil ar na leabhair/ na hirisí/ na hailt sin sa Leabharlann. Mura bhfuil do chuid foclóirí féin agat, bain leas as na cinn atá ar fáil ag [www.teanglann.ie/ga](http://www.teanglann.ie/ga) nó ag <https://www.focloir.ie/ga/> nó sa Leabharlann.
- Bí cinnte go gcláróidh tú i gceart do na modúil a bheidh tú a dhéanamh. **Ní thabharfar cead d'aon mhac léinn scrúdú a dhéanamh i modúl áirithe, mura bhfuil an mac léinn cláraithe i gcomhair an mhodúil sin.**
- Ní cóir don mhac léinn dearmad a dhéanamh go bhfuil marcanna/ creidiúintí ag dul do bheagnach gach uile ghné d'obair na bliana.
- **Más suim leat bheith i do mhúinteoir Gaeilge, beidh ort riachtanais chúí na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh. Riachtanas amháin acu seo is ea go bhfuil tréimhse chúí caite agat sa Ghaeltacht.** Bíonn ar gach múinteoir clárú leis an gComhairle Múinteoireachta, agus ní chlárófar múinteoirí Gaeilge nach gcomhlíonann sainriachtanais an ábhair. Gheofar breis eolais faoi riachtanais uile na Comhairle Múinteoireachta ag: [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)
- Iompar sna léachtanna agus sna ranganna beaga: baineann sé le dea-bhéas is le dea-chleachtas go mbeifeá in am agus nach mbeifeá ag caint le linn na léachtanna is na ranganna. **Múch an fón póca roimh gach léacht/ rang.** Más gá imeacht go luath as léacht nó as rang, mínigh an scéal roimh ré don léachtóir/ teagascóir agus suigh in aice an dorais. Ná bí ag ithe ná ag ól le linn na léachtanna is na ranganna.

## Léachtanna agus ranganna riachtanacha

**Seimeastar 1:** caithfidh gach mac léinn freastal ar:

- (i) **an dá mhodúil** riachtanacha seo a leanas: NG301, NG343
- (ii) **cheann amháin** de na modúil roghnacha seo a leanas: NG261, NG330, NG332, NG335, NG342, SG207, SG307
- (iii) rang teagaisc (uair amháin), rang oidis (uair amháin) agus ceardlann (dhá uair).

**Seimeastar 2:** caithfidh gach mac léinn freastal ar:

- (i) an modúl riachtanach seo a leanas: NG311
- (ii) **dhá cheann** de na modúil roghnacha seo a leanas: NG323, NG333, NG334, NG335X, NG339, SG208, SG308
- (iii) rang teagaisc (uair amháin) agus ceardlann (dhá uair).

### **Ranganna Oidis**

Ranganna teagaisc liteartha iad seo a shocrófar ag tús na bliana acadúla. Beidh ceann ann **uair sa tseachtain sa chéad seimeastar amháin**. Bí cinnte go bhfuil tú cláraithe i gceart le haghaidh na ranganna seo. **Níl cead agat aistriú ó rang oidis amháin go rang eile gan cead pearsanta a fháil ó Bhrian Ó Catháin**. Díreofar ar an gcritic agus ar an bplé sna ranganna seo. **Déanfar aiste agus scrúdú ranga i rith an tseimeastair agus beidh an obair scríofa seo bunaithe ar ábhar an mhodúil riachtanaigh NG343. Is cuid de mheasúnú leanúnach an mhodúil riachtanaigh na marcanna a bhronnfar ar an aiste agus ar an scrúdú ranga – caillfear marcanna mura ndéanfar iad**. Ag deireadh an tseimeastair áireofar obair iomlán na ranganna oidis mar chuid den mheasúnú leanúnach: bunófar an marc seo ar thinreamh an mhic léinn, ar an bpáirt a ghlac an mac léinn sna ranganna, agus ar an obair scríofa a rinne an mac léinn. Sa chás go mbíonn tú tinn, tá sé an-tábhachtach go míneoidh tú an scéal do do theagascóir agus go dtabharfaidh tú teastas dochtúra do Rúnaí na Roinne. Cuir cóip i ríomhphost chuig do theagascóir, ionas nach gcaillfidh tú marcanna. Seasfaidh marc deiridh na ranganna oidis i gcás athscrúduithe: ní féidir aon aiste a rinneadh do na ranganna oidis a athdhéanamh.

### **Ranganna Teagaisc**

Ranganna teagaisc gramadaí iad seo a shocrófar ag tús na bliana acadúla. Beidh ceann ann **uair sa tseachtain**. Bí cinnte go bhfuil tú cláraithe i gceart le haghaidh na ranganna seo. **Níl cead agat aistriú ó rang teagaisc amháin go rang eile gan cead pearsanta a fháil ó Bhrian Ó Catháin**. Díreofar ar chruinnscríobh na Gaeilge iontu. Pléifear sa rang gnéithe áirithe den ábhar a dhéanfar i modúil NG301 agus NG311. Tabharfaidh an teagascóir obair scríofa do na mic léinn go rialta. Ina theannta sin, beidh ar gach mac léinn líon áirithe aistriúcháin a dhéanamh. Is cuid de mheasúnú leanúnach na modúl riachtanach na marcanna a bhronnfar ar na haistriúcháin seo – caillfear marcanna mura ndéanfar iad. Ag deireadh an tSeimeastair áireofar obair iomlán na ranganna teagaisc mar chuid den mheasúnú leanúnach: bunófar an marc seo ar thinreamh an mhic léinn, ar an bpáirt a ghlac an mac léinn sna ranganna, agus ar an obair scríofa a rinne an mac léinn. Sa chás go mbíonn tú tinn, tá sé an-tábhachtach go míneoidh tú an scéal do do theagascóir agus go dtabharfaidh tú teastas dochtúra do Rúnaí na Roinne. Cuir cóip i ríomhphost chuig do theagascóir, ionas nach gcaillfidh tú marcanna. Seasfaidh marc deiridh na ranganna teagaisc i gcás athscrúduithe: ní féidir aon aistriúcháin a rinneadh do na ranganna teagaisc a athdhéanamh.

### **Ceardlanna**

Díreofar sna ceardlanna ar na scileanna teanga agus cumarsáide seo a leanas: an scríbhneoireacht, an chaint, an léamhthuiscint agus an chluastuiscint. Bainfear úsáid as cur chuige na foghlama cumaisc ('blended learning') sna ceardlanna agus beidh **trí ghné éagsúla**

i gceist leo:

- (i) **obair neamhspleách ar Moodle gach seachtain** (thart ar uair an chloig)
- (ii) **ceardlann ar an gcampas gach seachtain** le do theagascóir agus grúpa beag mac léinn (2 uair an chloig).
- (iii) **tascanna aonair** scríofa agus labhartha (3 thasc gach seimeastar)

Beidh na trí ghné seo den chúrsa **riachtanach**. Coinneofar taifead ar an obair neamhspleách a dhéanfaidh tú ar Moodle, bronnfar marcanna rannpháirtíochta bunaithe ar na ranganna ar an gcampas agus bronnfar marcanna ar na tascanna aonair. **Seasfaidh marc deiridh na gceardlann i gcás athscrúduithe: ní féidir aon tasc/ cheacht a rinneadh do na ceardlanna a athdhéanamh**. Ní mór duit freastal ar an rang ar an gcampas gach seachtain agus do chuid oibre a dhéanamh de réir sceideal na spriocdhátaí a leagfar amach ag tús na bliana. Má bhíonn tú as láthair as ceardlann nó má bhíonn ort tasc a chur isteach mall, tá sé tábhachtach go míneoidh tú an scéal do do theagascóir. Sa chás go mbíonn tú tinn nó go mbíonn cúis mhaith eile agat a bheith as láthair, **tabhair teastas dochtúra nó fianaise eile chuí do Rúnaí Roinn na Nua-Ghaeilge agus cuir cóip i ríomhphost chuig do theagascóir**, ionas nach gcaillfidh tú marcanna.

Beidh ar gach mac léinn fillteán a bheith acu agus cóipeanna crua de na tascanna ceartaithe ar fad a choimeád san fhilleán sin. Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Scrúdaitheoir Seachtrach an fillteán leis na tascanna a lorg ag deireadh na bliana.

**N.B. Beidh gach eolas faoi na ceardlanna ar fáil ar leathanach Moodle MC: NG300.**

Ní mór duit clárú le haghaidh na ranganna teagaisc/oidis agus na gceardlann. Mura bhfeiceann tú d'ainm ar liostaí na ranganna, caithfidh tusa an scéal a chur in iúl don Roinn láithreach. **N.B. Is cuid lárnach de scrúduithe na Tríú Bliana freastal ar na ranganna, oidis, teagaisc agus ceardlanna teanga, agus an obair a bhaineann leo ar fad a leagan isteach in am trátha.**

### **Aistí/ Obair Scríofa/ Filleán**

- Caithfidh gach mac léinn **scrúdú ranga** a dhéanamh agus **aiste** a scríobh i gcomhair na ranganna oidis. **Caithfear an aiste a chlósscríobh**. Fógrófar **dátaí** na dtascanna seo le linn an chúrsa.

Ní ghlacfar le haon obair scríofa mura ngabhfaidh cóip de **leathanach clúdaigh** Roinn na Nua-Ghaeilge léi agus na sonraí cuí líonta i gceart. Tá cóip den leathanach clúdaigh ag deireadh an leabhráin seo.

Chomh maith leis an scrúdú ranga agus an aiste oidis, beidh ar gach mac léinn aon obair scríofa a chuirtear air/uirthi sna ranganna teagaisc agus sna ceardlanna a dhéanamh.

Tá sé de dhualgas ar mhic léinn aistí/ ceachtanna/ scrúduithe ranga ceartaithe na ranganna oidis agus teagaisc a chur isteach in aon fhilleán amháin. Iarrfar ar roinnt mac léinn an fillteán sin a thabhairt do Rúnaí na Roinne ag deireadh Sheimeastar 2 ionas gur féidir leis an Scrúdaitheoir Seachtrach scrúdú a dhéanamh ar gach gné d'obair na mac léinn.

**Maidir le GACH píosa scríofa oibre (m.sh. aiste agus scrúdú ranga na ranganna oidis/ míreanna agus aistriúcháin na ranganna teagaisc, tascanna na gceardlann) a thabharfaidh an mac léinn isteach, ní mór don mhac léinn a c(h)óip phearsanta féin den obair a choinneáil**

**agus a chur ar fáil don Roinn sa chás go n-iarrfaí a leithéid am ar bith.**

### **Pionós maidir le hObair Scríofa a Leagtar isteach tar éis an Sprioclae**

Bainfear 20% den mharc a bhronnfar ar aon obair scríofa má leagtar isteach tar éis an sprioclae í. ní ghlacfar le haon obair scríofa mhall taobh amuigh de sheachtain amháin tar éis an sprioclae. Ní chuirfear na pionóis seo i bhfeidhm sa chás go gcuirtear teastas dochtúra ar fáil nó sa chás go bhfuil cúis phearsanta thromchúiseach ag an mac léinn.

### **Bradaíl ('Plagiarism')**

Is ionann bradaíl agus saothar duine eile a chóipeáil, a áireamh nó a thabhairt go díreach gan aitheantas ceart a thabhairt don duine sin. Má leagann aon mhac léinn ábhar scríofa isteach a mbaineann amhras na bradaíola leis, fiosrófar an cás agus déileálfar leis de réir mar a leagtar amach sa cháipéis 'Maynooth University Policy on Academic Misconduct and Academic Integrity' – féach:

[https://www.maynoothuniversity.ie/sites/default/files/assets/document/Maynooth%20University%20Policy%20on%20Academic%20Misconduct%20and%20Academic%20Integrity%20%281%29\\_0.pdf](https://www.maynoothuniversity.ie/sites/default/files/assets/document/Maynooth%20University%20Policy%20on%20Academic%20Misconduct%20and%20Academic%20Integrity%20%281%29_0.pdf)

### **Ionracas Acadúil ('Academic Integrity')**

Ní mór do gach mac léinn a bheith cinnte go dtugann siad faoina c(h)uid oibre go macánta. Ba cheart go dtuigfeadh an mac léinn nach cur chuige ionraic é úsáid a bhaint as Intleacht Shaorga ('Artificial Intelligence'). Tá eolas ar fáil ag an láthair seo a leanas ar IS agus Ionracas Acadúil: <https://www.maynoothuniversity.ie/centre-teaching-and-learning/hub/academic-integrity-and-artificial-intelligence>

### **An Gaeltacht**

Ba chóir do gach mac léinn **dhá mhí ar a laghad** a chaitheamh i gceann de na Gaeltachtaí le linn a t(h)réimhse i Maigh Nuad. Moltar do mhic léinn cúrsaí oifigiúla Gaeltachta a dhéanamh. Eagraíonn Roinn na Nua-Ghaeilge turais oifigiúla Gaeltachta do mhic léinn na Roinne gach fómhar. Moltar do mhic léinn na Tríú Bliana cuairteanna eile a thabhairt ar an nGaeltacht le linn na Tríú Bliana – tá Ráth Chairn, Gaeltacht Chontae na Mí, an-ghar don Ollscoil agus bíonn go leor cúrsaí/ imeachtaí Gaeilge ar siúl ann le linn na bliana.

### **Measúnú Leanúnach**

Beidh marcanna ag dul do na tascanna, do na haistí/ na haistriúcháin, do scrúduithe ranga, don fhreastal agus don rannpháirtíocht i gcás na ranganna teagaisc, oidis, agus na gceardlann a luadh thuas. Maidir le NG301, is fiú 30% de na marcanna iomlána an measúnú leanúnach. Maidir le NG311, is fiú 30% de na marcanna iomlána an measúnú leanúnach. **Seasfaidh marc deiridh na ranganna teagaisc/ oidis/ na gceardlann i gcás athscrúduithe: ní féidir aon aiste/ scrúdú ranga/ aistriúchán/ cheacht a rinneadh do na ranganna teagaisc/oidis/ ceardlanna a athdhéanamh.**

## EOLAS RIACHTANACH EILE DO MHC LÉINN NA CÉIME

Le teacht isteach sa Tríú Bliain, caithfidh gach mac léinn obair iomlán na Chéad Bhliana agus na Dara Bliana a chríochnú (agus an obair iomlán sa Nua-Ghaeilge san áireamh) agus rialacha cuí na hOllscoile a chomhlíonadh.

Ba chóir do mhic léinn ó choláistí/ ollscoileanna eile na socrúithe cuí a dhéanamh leis na pearsain údaraithe sa **dá** choláiste/ ollscoil.

### Scrúduithe

(1) Scrúdú béil: cuirfear scrúdú béil ar gach mac léinn ag deireadh Sheimeastar 2. **Caithfidh gach mac léinn pas a bhaint amach sa scrúdú béil le pas a fháil sa modúl riachtanach NG311.** Is fiú 30% de mharcanna mhodúl NG311 an scrúdú béil.

(2) Scrúduithe scríofa: beidh scrúduithe scríofa ar siúl ag deireadh Sheimeastar 1 agus ag deireadh Sheimeastar 2. Dhá chineál a bhíonn i gceist: scrúdú ranga (eagraithe ag Roinn na Nua-Ghaeilge) agus scrúdú ollscoile (eagraithe ag Oifig na Scrúduithe). Beidh na scrúduithe ranga ar siúl ón **16-20 Nollaig 2024**, agus ní thosóidh na scrúduithe ollscoile roimh an **13 Eanáir 2025 (dáta sealadach)**. Níl cead ag aon mhac léinn scrúdú ranga ná scrúdú ollscoile a dhéanamh mura bhfuil an mac léinn (i) cláraithe don mhodúl atá i gceist; (ii) tar éis freastal sásúil a dhéanamh ar léachtaí an mhodúil atá i gceist. **Mura ndéanfar na scrúduithe ranga (16-20 Nollaig 2024), ní bheifear in ann iad a dhéanamh go dtí na hathscrúduithe (Lúnasa 2025).**

### Cruinneas na Gaeilge

**Tabharfar suas le 50% de mharcanna na n-aistí/ na scrúduithe i ngach modúl ar chruinneas na Gaeilge scríofa: mura bhfuil caighdeán do chuid Gaeilge scríofa sásúil, bainfear marcanna díot.**

### Teistiméireachtaí ('References')

Tá cead ag mic léinn na Tríú Bliana teistiméireacht a iarraidh ar aon bhall d'fhoireann **bhuan** na Roinne ar cheithre choinníoll: (i) go dtabharfaidh an mac léinn fógra maith don bhall foirne – coicís ar a laghad – lena réiteach; (ii) go gcuirfidh an mac léinn tras-scríbhinn oifigiúil a c(h)uid torthaí acadúla **uile** ar fáil; (iii) go gcuirfidh an mac léinn CV reatha Gaeilge ar fáil; (iv) go míneoidh an mac léinn an bhfuil sé/sí tar éis teistiméireacht a iarraidh ar aon bhall eile d'fhoireann na Roinne.



**CÓRAS AISTRITHE CREIDIÚINTÍ NA hEORPA**  
**(‘EUROPEAN CREDIT TRANSFER SYSTEM – ECTS’)**

Nuair a éireoidh leis an mac léinn obair iomlán bliana a chríochnú, is iondúil go mbronnfar 60 creidiúint air/ uirthi. Más ag déanamh dhá ábhar ar chomhchéim atá mac léinn na Tríú Bliana, bronnfar 30 creidiúint ar an mac léinn a n-éiríonn leis/léi go sásúil i modúil iomlána na Gaeilge. Baineann 5 chreidiúint le gach modúil Gaeilge sa Tríú Bliain – féach thíos:

<b>Cód</b>	<b>Teideal an Mhodúil</b>	<b>Líon na gCreidiúintí</b>
NG301	An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha	5
NG311	An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha	5
NG323*	Gaeilge na hAlban	5
NG330*	Canúineolaíocht na Gaeilge	5
NG332*	An Drámaíocht	5
NG333*	Sochtheangeolaíocht na Gaeilge	5
NG334*	Próslitríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 2	5
NG335(X)*	Móraiste	5
NG339*	Nuafhilíocht na Gaeilge	5
NG342*	Téamaí Taighde sa Nua-Ghaeilge	5
NG261	Oidhreacht Ghaelach Thuaisceart Laighean agus Chúige Uladh	5
SG207	Sean-Ghaeilge: Old Irish 1	5
SG208	Sean-Ghaeilge: Old Irish 2	5
SG307	Sean-Ghaeilge: Old Irish 3	5
SG308	Sean-Ghaeilge: Old Irish 4	5

\* = Líon teoranta mac léinn á ligean isteach

## NG301 AN GHAEILGE SCRÍOFA AGUS LABHARTHA (5 ECTS)

**Léachtóir:** An Dr Tracey Ní Mhaonaigh

Leanfar de chúrsa na gramadaí a tugadh sa Dara Bliain, agus glacfar leis go bhfuil ábhar na Modúl NG201 agus NG211 ar eolas ag gach mac léinn. Díreoidh cúrsa na bliana seo ar chruinneas na Gaeilge scríofa. Cuideoidh ábhar an chúrsa leat agus tú ag scríobh do chuid aistí agus ag aistriú ó Bhéarla go Gaeilge – ní hamháin sna ranganna teagaisc – ach i scrúduithe uile na céime chomh maith. Is modúl riachtanach é seo do gach mac léinn atá sa Tríú Bliain. Coinneofar liostaí freastail. Caithfidh gach mac léinn (1) a bheith i láthair ag gach léacht; (2) an téacsleabhar a luaitear faoi 1. sna ‘Príomhfhoinsí’ thíos a thabhairt chuig gach léacht.

**Measúnú an mhodúil:** Tá trí mhír i gceist:

- (1) scrúdú ollscoile (70%)
- (2) measúnú leanúnach ó na ceardlanna teanga (20%)
- (3) measúnú leanúnach ó na ranganna teagaisc (10%).

**Le pas a fháil sa mhodúl seo, caithfidh an mac léinn ar a laghad 40% a fháil: ní féidir pas trí chúiteamh a fháil. Má theipeann ar an mac léinn sa scrúdú ollscoile, tugtar ‘marc srianta’ (*capped mark*) don mhac léinn .i. déantar marc an mhodúil a ísliú, más gá sin, go 35%.**

Seo iad na míreanna gramadaí a phléifear go mion sa mhodúl:

- (1) Séimhiú agus urú ar an ainmfhocal, ar an aidiacht agus ar an mbriathar
- (2) *h* roimh ghuta
- (3) *t(-)* roimh ghuta agus roimh *s-*
- (4) Réamhfhocal i ndiaidh ainmfhocal agus briathra
- (5) Ag aistriú ó Bhéarla go Gaeilge (ar feadh na bliana)

### Príomhfhoinsí:

- (1) Seirbhís Thithe an Oireachtais (2017) *Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. Tithe an Oireachtais: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag:  
[https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/caighdeanOifigiuil/2017/2017-08-03\\_an-caighdean-oifigiuil-2017\\_en.pdf](https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/caighdeanOifigiuil/2017/2017-08-03_an-caighdean-oifigiuil-2017_en.pdf)
- (2) Cleachtaí gramadaí bunaithe ar: Mac Murchaidh, Ciarán (2013) *Cruinnscríobh na Gaeilge*. Cois Life: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag:

[Cruinnscríobh na Gaeilge – ceachtanna ar líne | Cló Iar-Chonnacht \(cic.ie\)](http://cic.ie)

### Foinsí Eile:

- Ó Baoill, D./ Ó Tuathail, É. (1992) *Úrchúrsa Gaeilge*, Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Dónaill, Niall [eag.] (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Oifig an tSoláthair.
- Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1999<sup>3</sup>) An Gúm.
- Ó Mianáin, Pádraig [eag.] (2020) *Concise English-Irish Dictionary/ Foclóir Béarla-Gaeilge*. Foras na Gaeilge.
- The Christian Brothers (1980) *New Irish Grammar*. Fallons.

**Léachtóir:** An Dr Tracey Ní Mhaonaigh

**Beidh roinnt gnéithe ag baint leis an modúl seo:**

- Léachtaí ar ghnéithe den teanga labhartha agus scríofa mar aon le cleachtaí rialta sna réimsí sin. Beidh béim ar an gcruinneas agus ar an saibhreas teanga.
  - Ceardlanna teanga tasc-bhunaithe ina ndíreofar ar scileanna éagsúla teanga agus cumarsáide a bhaineann leis an téama ‘Cúrsaí reatha, fadhbanna sóisialta agus na meáin chumarsáide’.
  - Ranganna teagaisc ina ndéanfar cleachtaí aistriúcháin agus eagarthóireachta a bhaineann le hábhar na léachtaí agus na gceardlann teanga.
  - Tá an modúl seo ag teacht le leibhéal B2.2 – C1 ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach.
- 
- Díreofar sna léachtaí ar an gcruinneas teanga agus tabharfar deis do na mic léinn cleachtadh a dhéanamh ar na bunstruchtúir mar aon le struchtúir níos dúshlánaí. Breathnófar ar chuid de na struchtúir sin a mbíonn mic léinn ag streachailt leo, lena n-áirítear: an chopail, an t-ainm briathartha, dobhriathra, foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh.
  - Leagfar **béim ar leith ar an bhfeasacht teanga**, ionas go mbeidh an mac léinn in ann a c(h)uid botún féin nó botúin daoine eile a aimsiú, a cheartú agus a mhíniú.

**Measúnú:**

Tá an modúl seo riachtanach do gach mac léinn atá sa Tríú Bliain. Coinneofar liostaí tinrimh.

Maidir le marcanna an mhodúil, dáilfear mar seo iad:

(1) scrúdú scríofa (40%); (2) scrúdú cainte (30%); (3) measúnú leanúnach ó na ceardlanna teanga (20%); (4) measúnú leanúnach ó na ranganna teagaisc (10%).

**Le pas a fháil sa mhodúl seo, caithfidh an mac léinn ar a laghad 40% a fháil sa scrúdú ollscoile AGUS sa scrúdú cainte: ní féidir pas trí chúiteamh a fháil. Má theipeann ar an mac léinn sa scrúdú ollscoile NÓ sa scrúdú cainte, tugtar ‘marc srianta’ (*capped mark*) don mhac léinn .i. déantar marc an mhodúil a ísliú, más gá sin, go 35%. Sa chás go dteipfeadh ar mhac léinn sa mhodúl seo, níor mhór dó/di an scrúdú scríofa agus an scrúdú cainte a athdhéanamh sna hathscrúduithe i mí Lúnasa.**

## NG323 GAEILGE NA hALBAN (5 ECTS)

**Léachtóir:** An Dr Eoghan Ó Raghallaigh

Sa chúrsa seo, díreofar ar léamh, scríobh agus labhairt Ghaeilge na hAlban. Breathnófar freisin ar stair na Gaeilge in Albain, agus ar na príomhdhifríochtaí idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban.

**N.B. Ní ligfeadh isteach sa mhodúl seo ach líon teoranta mac léinn.**

### **Léachtaí:**

Dhá léacht in aghaidh na seachtaine.

### **Measúnú an mhodúil:**

Scrúdú Ollscoile (90 nóiméad): 100%.

### **Téacs:**

Beidh leabhrán ar fáil i dtosach an chúrsa.

### **Leabhair thagartha:**

Dwelly, E. *The illustrated Gaelic-English dictionary* (1988).

Mark, C. *The Gaelic-English dictionary* (2003).

O'Rahilly, T.F. *Irish dialects past and present* (1972 [1932]) Caibidil 16.

Robertson, B. & Taylor, I., *Complete Gaelic* (Teach Yourself series, 2010).

Thomson, D. *The companion to Gaelic Scotland* (Oxford: Blackwell 1983).

### **Ar an idirlíon:**

Foclóir: <http://www.faclair.com/>

Raidió nan Gaedheal: <http://www.bbc.co.uk/radionangaidheal>

BBC Alba: <http://www.bbc.co.uk/alba>

Suíomh d'fhoghlaimoírí: <http://learngaelic.net/>

Sabhal Mòr Ostaig (Coláiste Tríú Leibhéal): <http://www.smo.uhi.ac.uk/>

## NG330 CANÚINEOLAÍOCHT NA GAEILGE (5 ECTS)

**Léachtóir:** An Dr Brian Ó Catháin

Sa mhodúl seo, déanfar staidéar ar thrí mhórchanúint na Gaeilge. Déanfar anailís ar phríomhthréithe na gcanúintí agus díreofar chomh maith ar na príomhdhifríochtaí atá eatarthu. Beidh obair phraiticiúil i gceist chomh maith.

**Ní ligfeadh isteach ach líon teoranta mac léinn.**

**Nóta:** moltar go mbeadh NG224 ('An Fhoghraíocht I') déanta sa Dara Bliain ag mic léinn atá ag iarraidh an modúl seo a thógáil.

(a) Téacsleabhair:

**Cúige Uladh:** Ó Baoill, Dónall P. (1996) *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh*.

**Cúige Chonnacht:** Ó Murchú, Séamas (1998) *An Teanga Bheo: Gaeilge Chonamara*.

**Cúige Mumhan:** Ó Sé, Diarmuid (1995) *An Teanga Bheo: Corca Dhuibhne*.

(b) Léitheoireacht riachtanach:

**Cúige Uladh:** Hughes, Art (1994) 'Gaeilge Uladh,' in McCone, Kim/ McManus, Damian/ Ó Háinle, Cathal/ Williams, Nicholas, Breatnach, Liam [eagí] *Stair na Gaeilge: In Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*, 610-660.

**Cúige Chonnacht:** Ó hUiginn, Ruairí (1994) 'Gaeilge Chonnacht,' in McCone, Kim/ McManus, Damian/ Ó Háinle, Cathal/ Williams, Nicholas, Breatnach, Liam [eagí] *Stair na Gaeilge: In Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*, 539-609.

**Cúige Mumhan:** Ua Súilleabháin, Seán (1994) 'Gaeilge na Mumhan,' in McCone, Kim/ McManus, Damian/ Ó Háinle, Cathal/ Williams, Nicholas. Breatnach, Liam [eagí] *Stair na Gaeilge: In Ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta*, 479-538.

(c) Leabhair thagartha:

Ó Murchú, Séamas (1985) *Cúrsa Tosaigh Foghraíochta*.

**Cúige Uladh:** Ó Dochartaigh, Cathair (1987) *Dialects of Ulster Irish*.

**Cúige Chonnacht:** Ó Curnáin, Brian (2007) *The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway*.

**Cúige Mumhan:** Ó Sé, Diarmuid (2000) *Gaeilge Chorca Dhuibhne*.

**Gach canúint:** (a) Wagner, Heinrich (1958-1966) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. Imleabhar 1-3; (b) Wagner, Heinrich/ Ó Baoill, Colm (1969) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. Imleabhar 4; (c) Na suímh idirlín seo a leanas: <http://www.fuaimeanna.ie/ga/> agus <http://www.uni-due.de/FnG/>

**Measúnú:** Scrúdú Ollscoile (90 nóiméad): 100%

## NG332 AN DRÁMAÍOCHT (5 ECTS)

Léachtóir: An Dr Tracey Ní Mhaonaigh

Breathnófar ar ghnéithe éagsúla den drámaíocht. Scrúdófar nádúr na drámaíochta ó thaobh na difríochta idir drámaíocht choinbhinsiúnach agus drámaíocht na háiféise agus idir an dráma i dtéacs agus an dráma á léiriú. Déanfar scrúdú ar roinnt drámaí éagsúla in imeacht an chúrsa.

Is cuid lárnach den chúrsa seo í an rannpháirtíocht ghníomhach agus iarrfar ar mhic léinn drámaí faoi leith a réiteach agus a léiriú sa rang.

Ní ligfear isteach sa mhodúl seo ach líon teoranta mac léinn.

### Téacsanna

*Gearrdhrámaí an Chéid*, Pádraig Ó Siadhail a chuir in eagar. Cló Iar-Chonnachta, 2000.  
Sonrófar téacsanna eile sa rang.

Measúnú:	Scrúdú Ollscoile	50%
	Measúnú leanúnach	50%

## **NG333 SOCHTHEANGEOLAÍOCHT NA GAEILGE (5 ECTS)**

**Léachtóir:** An Dr Brian Ó Catháin

**Ní ligfear isteach sa mhodúl seo ach líon teoranta mac léinn.**

Is éard atá i gceist leis an tsochtheangeolaíocht, staidéar ar ghnáthamh na hurlabhra i bpobal. Sa mhodúl seo, breathnófar ar shochtheangeolaíocht na Gaeilge agus pléifear na hábhair seo a leanas:

Seachtain 1: Tabhairt isteach/ téarmaíocht/ réanna teangeolaíochta na Gaeilge/ stair shóisialta na Gaeilge ó ré na Sean-Ghaeilge go ré na Meán-Ghaeilge.

Seachtain 2: Stair shóisialta na Gaeilge ó ré na Nua-Ghaeilge Clasaicí go ré na Nua-Ghaeilge.

Seachtain 3: An Ghaeilge i sochaí an lae inniu/ An Ghaeltacht/ cineálacha cainteoirí/ dearcadh na nÉireannach i leith na Gaeilge/ gréasáin teanga vs. pobal teanga:

Seachtain 4: An t-ilteangachas/ an dátheangachas/ an débhéascna.

Seachtain 5: Códmhalartú agus códmheascadh.

Seachtain 6: Réim.

Seachtain 7: An phleanáil teanga.

Seachtain 8: Caighdeán/ 'An Caighdeán Oifigiúil' / 'An Lárchanúint'. An chanúineolaíocht/ canúintí na Gaeilge.

Seachtain 9: An chanúineolaíocht/ canúintí na Gaeilge.

Seachtain 10: Athruithe teanga/ tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge/ canúintí 'nua'/ bás na Gaeilge traidisiúnta.

Seachtain 11: An Ghaeilge sa chóras oideachais in Éirinn.

Seachtain 12: An Ghaeilge sa chóras oideachais in Éirinn (2)/ Achoimre/ dul siar/ comhairle maidir leis an scrúdú.

### **Téacsleabhar:**

Ó hIfearnáin, Tadhg/ Ní Neachtain, Máire (2012) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*.  
Baile Átha Cliath: Cois Life.

Beidh léitheoireacht riachtanach eile i gceist agus cuirfear liosta léitheoireachta ar fáil ag an gcéad léacht.

**Measúnú:** Scrúdú Ollscoile (90 nóiméad): 100%

## NG334 PRÓSLITRÍOCHT CHOMHAIMSEARHA NA GAEILGE 2 (5 ECTS)

**Léachtóir:** An tOll. Fionntán de Brún

**Ní ligfear isteach sa mhodúl seo ach lín teoranta mac léinn.**

Is ag plé le próslitríocht chomhaimseartha na Gaeilge a bheifear sa mhodúl seo agus leis an ghearrscéalaíocht go háirithe. Cé go dtabharfar léargas ar staid na próslitríochta chomhaimseartha trí chéile, beifear ag díriú ar cheisteanna agus ar théamaí ar leith, mar shampla, insint/reacaireacht agus stíl, ficsean liteartha agus ficsean éadrom, cúrsaí inscne agus gnéaschlaonta, i measc nithe eile. Maidir le cúrsaí reacaireachta, déanfar plé ar chineálacha éagsúla reacaireachta, go háirithe:

- an reacaireacht thraidisiúnta
- an reacaireacht nua-aoiseach thurgnamhach
- an páiste mar reacaire

Beidh téacs ar leith le léamh gach seachtain agus beidh gearrscrúduithe ranga le déanamh agat ar an ábhar léitheoireachta féin. Beidh 20% de mharcanna an mhodúil ag dul do na gearrscrúduithe tuisceana seo agus 80% ag dul do Scrúdú Ollscoile 90 nóiméad. Iarrfar ort *Gearrscéalta Ár Linne* a aimsiú agus tosú ar an léitheoireacht a luaithe is féidir.

### **Measúnú**

Gearrscrúduithe tuisceana a dhéanfar sa rang: **20%**

Scrúdú Ollscoile 90 nóiméad: **80%**

### **Téacsleabhar**

Ó Conchubhair, Brian (eag.), *Gearrscéalta Ár Linne* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2006).



## **NG335/ NG335X MÓRAISTE (5 ECTS)**

**Réamhriachtanas: ní féidir leat an modúl seo a thógáil mura bhfuair tú marc 65% - nó níos airde – sa mhodúl NG211.**

Tabharfar deis do mhic léinn, a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu, móraiste a scríobh ar ábhar a bhfuil spéis acu ann. Faoi stiúir duine de léachtóirí buana na Roinne a dhéanfar an modúl seo, agus iarrfar ar mhic léinn aiste **4,500-5,000 focal** a sholáthar faoi dheireadh an tseimeastair. I gcás saothar cruthaitheach, aontófar líon focal leis an stiúrthóir ach, mar shampla, beifear ag súil le 8 ndán agus nótaí cúlra le haghaidh saothar filíochta agus idir 2,500 focal agus 3,000 focal le haghaidh gearrscéil.

Cé go mbeidh an mac léinn faoi stiúir duine den fhoireann teagaisc, is modúl é seo ina mbeidh an mac léinn ag obair go neamhspleách agus is faoin mac léinn a bheas sé taighde agus scríobh na móraiste/ an tsaothair a bhainistiú. Ceapfar stiúrthóir do gach mac léinn agus tabharfar comhairle don mhac léinn ar bhonn rialta ionas go n-aontófar spriocanna, modheolaíocht agus cur i gcrích na móraiste/ an tsaothair. Ní mór don mhac léinn 3 chruinniú ar a laghad a bheith aige/aici leis an stiúrthóir i gcaitheamh an tseimeastair. Is faoin mac léinn a bheas sé na cruinnithe sin a iarraidh ar an stiúrthóir agus an stiúrthóir a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta ag an mac léinn.

Beidh faill ag mic léinn ábhar dá gcuid féin a roghnú ach cuirfear liosta ábhar ar fáil fosta do mhic léinn agus iarrfar orthu ceann amháin a roghnú. Agus an t-ábhar roghnaithe acu, labhróidh siad leis an léachtóir cuí agus leagfar plean taighde amach. Beidh ar mhic léinn freastal ar 3 chruinniú, ar a laghad, leis an stiúrthóir le linn an tseimeastair.

### **Measúnú**

Faoi dheireadh an tseimeastair cuirfidh na mic léinn torthaí a gcuid taighde faoi bhráid na Roinne i bhfoirm móraiste nó saothar cruthaitheach agus bronnfar marc as 100% ar an móraiste nó ar an saothar cruthaitheach.

**Beidh rogha ag mic léinn an modúl seo a dhéanamh i Seimeastar 1 nó i Seimeastar 2.**

## NG339 NUAFHILÍOCHT NA GAEILGE (5 ECTS)

**Léachtóir:** An Dr Caitlín Nic Íomhair

**Tá an modúl seo dírithe ar mhic léinn a dtaitníonn an léitheoireacht leo** agus cuideoidh sé leo a gcuid scileanna léitheoireachta a fhorbairt.

**Ní ligfear isteach sa mhodúl seo ach lín teoranta mac léinn.**

### **Léachtaí:**

2 léacht sa tseachtain.

Pléifear stair, forbairt agus mórtéamaí na nuafhilíochta ó lár na haoise seo caite anuas go dtínar linn féin. Déanfar mioniniúchadh ar mhórdhánta le filí ar nós Nuala Ní Dhomhnaill, Bhiddy Jenkinson, Choilm Breathnaigh agus Chathail Uí Shearcaigh, agus pléifear réimse leathan filí comhaimseartha. Caithfear súil ar mhórgóintí na critice liteartha i leith na bhfilí seo agus tabharfar aghaidh ar chuid de na bealaí gur féidir le léitheoir dul i ngleic le dán.

Beifear ag súil leis go mbeidh mic léinn sásta a n-anailís féin ar dhán / dánta a chur chun cinn agus a chosaint. Glacfar tinreamh sa rang agus beidh rialacha freastail i bhfeidhm mar atá sonraithe sa chur síos ar NG339 a thugtar ar *Coursefinder* ag:

[http://apps.maynoothuniversity.ie/courses/?TARGET=MODULE&MODE=VIEW&MODULE\\_CODE=NG339&YEAR=2023#ANCHOR\\_SEARCH](http://apps.maynoothuniversity.ie/courses/?TARGET=MODULE&MODE=VIEW&MODULE_CODE=NG339&YEAR=2023#ANCHOR_SEARCH)

### **Leabharliosta:**

Beidh leabhrán dánta le ceannacht ag tús an téarma. Cuirfear sleachta ó shaothair chritice ar fáil ar Moodle.

### **Léitheoireacht mholta:**

Ní Fhrighil, R. (eag), *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge* (Cois Life, 2010)

**Measúnú an Mhodúil:** 30% measúnú leanúnach, 70% scrúdú ollscoile

## NG342 TÉAMAÍ TAIGHDE SA NUA-GHAEILGE (5 ECTS)

**Léachtóir:** An tOll. Fiontán de Brún

Sa mhodúl seo pléifear cuid de na téamaí taighde is mó sa Nua-Ghaeilge, ina measc sin, léann na litríochta, an teangeolaíocht, an traidisiún béil agus traidisiún na hamhránaíochta, léann na lámhscríbhinní, an stair chultúrtha agus staidéar ar na meáin. I gcomhar le comhordaitheoir an mhodúil, beidh faill ag mic léinn imlíne thaighde dá gcuid féin a fhorbairt de réir a spéise féin.

Tabharfar léargas do mhic léinn ar na háiseanna a bhíonn in úsáid ag taighdeoirí agus ar na ceisteanna taighde a phléitear. Leagfar béim fosta ar na scileanna criticiúla agus anailíse a bhíonn de dhíth chun fianaise chuí a bhailiú agus a mheas. Tabharfar aird ar leith ar na réimsí taighde is spéis leis na mic léinn ionas go mbeidh faill acu ábhar taighde dá gcuid féin a aimsiú.

Más spéis leat NG335 ‘An Mhóraiste’ beidh an modúl seo ina chuidiú agat. Mar sin féin, ní gá duit a bheith cláraithe le haghaidh NG335 leis an modúl seo a dhéanamh.

**N.B. Ní ligfear isteach sa mhodúl seo ach lín teoranta mac léinn.**

### **Léachtaí:**

Dhá léacht in aghaidh na seachtaine.

### **Measúnú an mhodúil:**

Cur i láthair	40%
Plean taighde i bhfoirm aiste	60%

### **Téacs:**

Beidh leabhrán ar fáil ag tús an chúrsa agus beidh ábhar gach seachtaine le fáil ar Moodle.

**Beidh áiseanna éagsúla á bplé againn, ina measc sin:**

[www.ainm.ie](http://www.ainm.ie)

Bunachar beathaisnéisí daoine a raibh baint acu le saol na Gaeilge ó 1560 go dtí ár linn féin

[www.duchas.ie](http://www.duchas.ie)

Ábhar ó chartlann Choimisiún Béaloideasa Éireann

<https://nuim.libguides.com/az/databases>

Liosta Bunachar digiteach ar nós JSTOR, Irish Newspaper Archive agus eile

<https://sources.nli.ie>

Bunachar sonraí de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do thaighde ar Éirinn

<https://bill.celt.dias.ie>

Bibliography of Irish Linguistics and Literature

<https://celt.ucc.ie/links.html>

Corpas téacsanna ar líne

<https://www.isos.dias.ie>

Lámhscríbhinní Gaeilge ar líne

## NG343 OIÐHREACTH AN BHLASCAOID MHÓIR & FILÍOCHT NA SCOL (5 ECTS)

**Léachtóirí:** An Dr Tracey Ní Mhaonaigh & An Dr Eoghan Ó Raghallaigh

Roinnfear an modúl seo ina dhá chuid, mar atá: (A) **Oidhreacht an Bhlascaoid Mhóir** agus (B) **Filíocht na Scol**.

NB: Caithfidh an mac léinn freastal ar an dá chuid den mhodúl seo. Dhá léacht agus rang oidis in aghaidh na seachtaine atá i gceist.

### **A: Oidhreacht an Bhlascaoid Mhóir**

Díreofar sa chuid seo den chúrsa ar shaol agus ar phobal an Bhlascaoid Mhóir mar aon le hoidhreacht liteartha an oileáin.

#### **Téacsanna:**

Cuirfear leabhrán ar fáil ag tús an chúrsa ar Moodle.

#### **Léitheoireacht Bhreise:**

De Mórdha, M. *Scéal agus Dán Oileáin*, Coiscéim, 2012.

### **B: Filíocht na Scol**

Breathnófar sa chuid seo den chúrsa ar fhilíocht shiollach na Nua-Ghaeilge Moiche. I mbliana, beifear ag díriú go háirithe ar fhilíocht ócáidiúil.

#### **Téacsanna:**

Soláthrófar téacsanna le linn an chúrsa.

#### **Léitheoireacht Bhreise:**

Soláthrófar ábhar ar Moodle.

#### **Measúnú an mhodúil:**

Scrúdú Ollscoile (90 nóiméad): 80%

Measúnú leanúnach (atá bunaithe ar an obair a dhéanfar don rang oidis): 20%

## MODÚL NG261: OIDHREACTH GHAELACH THUAISCEART LAIGHEAN AGUS CHÚIGE ULADH (5 ECTS)

**Léachtóirí:** An tOll. Fionntán de Brún & An Dr Tracey Ní Mhaonaigh

**Teagasc:** 2 léacht sa tseachtain

**Measúnú:** Scrúdú ollscoile = 60%  
Measúnú leanúnach = 40%

Pléifear sa chúrsa seo gnéithe éagsúla d’oidhreacht Ghaelach Thuaisceart Laighean agus Chúige Uladh, i dtéimhse na Nua-Ghaeilge (1650–1900) go háirithe. Múinfear cúrsa tosaigh ar phaileagrafaíocht na lámhscríbhinní, agus déanfar roinnt téacsanna simplí a léamh agus a thras-scríobh as na lámhscríbhinní iad féin. Pléifear stair ghinearálta agus scóip thraidisiúna na lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge agus caithefear súil, ina dhiaidh sin, ar thraidisiún na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad.

**N.B. Má chailleann aon mhac léinn níos mó ná 25% de léachtaí an mhodúil seo, bronnfar 0% air sa scrúdú agus beidh air an scrúdú a dhéanamh arís (40% an marc is airde a cheadófar in athscrúduithe dá leithéid).**

**Téacsanna:** Soláthrófar sleachta le linn an chúrsa ar Moodle.

### Léitheoireacht bhreise/ Leabhair thagartha:

- Corish, Patrick J. (1995) *Maynooth College 1795–1995*. Dublin: Gill & Macmillan.
- Dawson, Ciarán (2014) ‘Peadar Ó Gealacháin: Scríobhaí’. In: *Léachtaí Cholm Cille XLIV*, 129–163.
- de Brún, Fionntán, (2011) ‘Expressing the Nineteenth Century in Irish: the Poetry of Aodh Mac Domhnaill (1802-67)’. In: *New Hibernia Review* 15:1 (Earrach / Spring), 81–106.
- de Brún, Pádraig (1972) (Samhain). “‘Gan Teannta Buird ná Binse’”: *Scríobhaithe na Gaeilge, c.1650–1850*. In: *Comhar* 31(11), 15–20.
- Duffy, Seán (1987) ‘Art Murphy and Gaelic Literary Activity in the Dundalk Area in the 1820’s’. In: *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 21(3), 231–56.
- Keegan, Fintan (2023) ‘Catalog Lámhscríbhinní Bhriain Uí Thomaltaigh, 1840’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2023*, 76–142.
- (2022) ‘Nótaí ar Lámhscríbhinní Malla – I’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2022*, 51–103.
- (2021) ‘Nótaí Fáin ar Chnuasach Lámhscríbhinní Mhic Ádhaimh’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2021*, 91–144.
- (2017) “‘Gan cabhar ná anacal air fris na ciantaibh’: Lámhscríbhinní déanacha an Tuaiscirt i gnuasach Mhá Nuad’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2017*, 19–40.
- Mac Mathúna, Liam (2021) *The Ó Neachtain Window on Gaelic Dublin, 1700–1750*. Cork Studies in Celtic Literatures, 4. Cork: CSCL.
- (1991) *Dúchas agus Dóchas – Scéal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: Glór na nGael.
- Ní Mhaonaigh, Tracey (2022) ‘St Patrick’s College, Maynooth, the Irish language revival effort and the Meath-men who made their mark’. In: *Ríocht na Midhe XXXIII*, 198–220.
- (2021) *The Life and Legacy of An tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh*. An Mhí: Comhairle Contae na Mí.
- (2018a) ‘Pádraig Ó Fiannachta: An Scoláire Óg i gColáiste Phádraig, Má Nuad’. In: *Léachtaí Cholm Cille XLVIII*, 37–54.
- (2018b) ‘Stair Chuallacht Cholmcille’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2018*, 1–35.
- (2017) ‘Traidisiún *Irisleabhar Mhá Nuad*’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2017*, 7–18.
- Ní Mhughailé, Lesa (2015) ‘The Irish Language in County Meath, 1700–1850’. In: Crampsie, Arlene & Francis Ludlow (eagf), *Meath: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 547–72. Dublin: Geography Publications. [History & Society, 24].

- (2014) ‘Saothrú Léann na Gaeilge i gCo. na Mí san Ochtú agus Naoú hAois Déag’. In: *Léachtaí Cholm Cille XLIV*, 104–128.
- Ní Shéaghdha, Nessa (1989) ‘Irish Scholars and Scribes in Eighteenth-Century Dublin’. In: *Eighteenth-Century Ireland: Iris an Dá Chultúr* 4, 41–54.
- Ó Buachalla, Breandán (1968) *I mBéal Feirste Cois Cuain*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 16].
- Ó Fiaich, Tomás (1972) *Má Nuad*. Má Nuad: An Sagart.
- Ó Fiannachta, Pádraig (1993) *Léachtaí Cholm Cille XXIII: Maigh Nuad agus an Ghaeilge*. Maigh Nuad: An Sagart.

## **SG207: SEAN-GHAEILGE – OLD IRISH 1 (5 ECTS)**

**Léachtóir:** Dr Truc Ha Nguyen

Múinfean an modúl seo trí mheán an Bhéarla. Tabharfaidh an modúl buneolas don mhac léinn ar ghnéithe áirithe de ghramadach agus de chomhréir na Sean-Ghaeilge. Is iad seo na topaicí a chlúdfar: córas fuaimnithe agus litrithe na Sean-Ghaeilge; díochlaonadh an ainmfhocail, na hadiachta agus na bhforaimneacha; aimsir láithreach an bhriathair.

**Moltar go láidir go mbeadh ar a laghad 2.1 faighte ag an mac léinn sa mhodúl deireanach teanga atá déanta aige/ aici.**

Beidh **24 léacht agus 10 rang teagaisc** ag mic léinn an mhodúil seo. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús an tseimeastair.

**Measúnú:** Bronnfar na marcanna as uasmhéid de 80. Tabharfar 10% de na marcanna ar thinreamh agus ar obair na ranganna teagaisc, 30% ar scrúdú ranga lárthearma, 60% ar scrúdú scríofa.

**Téacsleabhar:** Le socrú ag an léachtóir.

## **SG208: SEAN-GHAEILGE – OLD IRISH 2 (5 ECTS)**

**Léachtóir:** Francesco Felici

**Ní féidir leat an modúl seo a thógáil mura bhfuil SG207 ('Sean-Ghaeilge – Old Irish 1') déanta agat i Seimeastar 1.**

Múinfean an modúl seo trí mheán an Bhéarla. Leanfar le heolas a thabhairt ar ghnéithe de ghramadach agus de chomhréir na Sean-Ghaeilge. Díreofar go háirithe ar an ainmfhocal agus ar aicmí eile an bhriathair san aimsir láithreach.

Beidh **24 léacht agus 10 rang teagaisc** ag mic léinn an mhodúil seo. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús an tseimeastair.

**Measúnú:** Bronnfar na marcanna as uasmhéid de 80. Tabharfar 10% de na marcanna ar thinreamh agus ar obair na ranganna teagaisc, 30% ar scrúdú ranga lárthearma, 60% ar scrúdú scríofa.

**Téacsleabhar:** Le socrú ag an léachtóir.

### **SG307: SEAN-GHAEILGE – OLD IRISH 3 (5 ECTS)**

**Léachtóir:** Francesco Felici

**Ní féidir leat an modúl seo a thógáil mura bhfuil SG207 agus SG208 ('Old Irish 1 agus 2') déanta agat sa Dara Bliain.**

Múinfeadh an modúl seo trí mheán an Bhéarla. Tabharfaidh an modúl eolas domhain don mhac léinn ar ghramadach agus ar chomhréir na Sean-Ghaeilge. Díreofar ar (i) mhodhanna agus ar aimsirí an bhriathair: (ii) ar na fochlásail.

Beidh **24 léacht agus 10 rang teagaisc** ag mic léinn an mhodúil seo. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús an tseimeastair.

**Measúnú:** Bronnfar na marcanna as uasmhéid de 80. Tabharfar 10% de na marcanna ar thinreamh agus ar obair na ranganna teagaisc, 30% ar scrúdú ranga lárthearma, 60% ar scrúdú scríofa.

**Téacsleabhar:** Le socrú ag an léachtóir.

### **SG308: SEAN-GHAEILGE – OLD IRISH 4 (5 ECTS)**

**Léachtóir:** Francesco Felici

**Ní féidir leat an modúl seo a thógáil mura bhfuil SG307 ('Sean-Ghaeilge – Old Irish 3') déanta agat i Seimeastar 1.**

Múintear an modúl seo trí mheán an Bhéarla. Tugann an modúl eolas domhain don mhac léinn ar ghramadach agus ar chomhréir na Sean-Ghaeilge. Díreofar ar fhoirmeacha briathartha an phréitirítigh, an fhoshuitigh agus an fháistinigh.

Beidh **24 léacht agus 10 rang teagaisc** ag mic léinn an mhodúil seo. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús an tseimeastair.

**Measúnú:** Bronntar na marcanna as uasmhéid de 80. Tugtar 10% de na marcanna ar thinreamh agus ar obair na ranganna teagaisc, 30% ar scrúdú ranga lárthearma, 60% ar scrúdú scríofa.

**Téacsleabhar:** Le socrú ag an léachtóir.



<b>SEIMEASTAR 1: AMCHLÁR SEALADACH</b>				
<b>Modúl</b>	<b>Lá &amp; Am</b>	<b>Ionad</b>	<b>Léachtóir</b>	<b>Teideal</b>
NG301	Dé Luain, 3-4	Rye Hall	T. Ní Mhaonaigh	An Ghaeilge Scríofa & Labhartha
NG261	Dé Luain, 4-5	TSI126	T. Ní Mhaonaigh/ F. de Brún	Oidhreacht Ghaelach Thuaisceart Laighean agus Chúige Uladh
SG207	Le deimhniú	Le deimhniú	T. Ha Nguyen	Sean-Ghaeilge - Old Irish 1
NG261	Dé Máirt, 10-11	CH	T. Ní Mhaonaigh/ F. de Brún	Oidhreacht Ghaelach Thuaisceart Laighean agus Chúige Uladh
NG343	Dé Máirt, 11-12	Rye Hall	T. Ní Mhaonaigh	Oidhreacht an Bhlascaoid Mhóir agus Filíocht na Scol
NG330	Dé Máirt, 4-5	TSI118	B. Ó Catháin	Canúineolaíocht na Gaeilge
SG207	Le deimhniú	Le deimhniú	T. Ha Nguyen	Sean-Ghaeilge - Old Irish 1
NG332	Dé Céadaoin, 4-5	TSI241	T. Ní Mhaonaigh	An Drámaíocht
NG332	Dé Céadaoin, 5-6	TSI241	T. Ní Mhaonaigh	An Drámaíocht
SG307	Le deimhniú	Le deimhniú	F. Felici	Sean-Ghaeilge - Old Irish 3
NG330	Déardaoin, 2-3	RW.01	B. Ó Catháin	Canúineolaíocht na Gaeilge
NG342	Déardaoin, 4-5	TSI030	F. de Brún	Téamaí Taighde sa Nua-Ghaeilge
NG342	Déardaoin, 5-6	TSI030	F. de Brún	Téamaí Taighde sa Nua-Ghaeilge
SG307	Le deimhniú	Le deimhniú	F. Felici	Sean-Ghaeilge- Old Irish 3
NG343	Dé hAoine, 11-12	CB2	E. Ó Raghallaigh	Oidhreacht an Bhlascaoid Mhóir agus Filíocht na Scol

**Riachtanach: NG301, NG343.**

**Ceann acu seo le roghnú freisin: NG261, NG330, NG332, NG335, NG342, SG207, SG307.**

Nóta 1: Maidir le NG335, ní mór don mhac léinn marc 65/100 – nó níos airde – a bheith faighte aige/ aici sa mhodúl NG211.

Nóta 2: Maidir le SG207, moltar go láidir go mbeadh 2.1 faighte ag an mac léinn sa mhodúl deireanach teanga atá déanta aige/ aici.

Nóta 3: Maidir le SG307, ní féidir é a roghnú mura bhfuil SG207 **agus** SG208 déanta agat sa Dara Bliain.

<b>SEIMEASTAR 2: AMCHLÁR SEALADACH</b>				
<b>Modúl</b>	<b>Lá &amp; Am</b>	<b>Ionad</b>	<b>Léachtóir</b>	<b>Teideal</b>
SG308	Le deimhniú	Le deimhniú	F. Felici	Sean-Ghaeilge - Old Irish 4
NG311	Dé Luain, 3-4	JHL4	T. Ní Mhaonaigh	An Ghaeilge Scríofa & Labhartha
SG208	Le deimhniú	Le deimhniú	F. Felici	Sean-Ghaeilge - Old Irish 2
SG208	Le deimhniú	Le deimhniú	F. Felici	Sean-Ghaeilge - Old Irish 2
NG333	Dé Máirt, 5-6	HB	B. Ó Catháin	Sochtheangeolaíocht na Gaeilge
NG334	Dé Céadaoin, 4-6	AX2	F. de Brún	Próslitríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 2
SG308	Le deimhniú	Le deimhniú	F. Felici	Sean-Ghaeilge-Old Irish 4
NG333	Déardaoin, 2-3	EH	B. Ó Catháin	Sochtheangeolaíocht na Gaeilge
NG339	Déardaoin, 4-5	TSI038	C. Nic Íomhair	Nuafhilíocht na Gaeilge
NG323	Dé hAoine, 9-10	HC	E. Ó Raghallaigh	Gaeilge na hAlban
NG323	Dé hAoine, 11-12	HC	E. Ó Raghallaigh	Gaeilge na hAlban
NG339	Dé hAoine, 1-2	TSI038	C. Nic Íomhair	Nuafhilíocht na Gaeilge

**Riachtanach: NG311.**

**Dhá cheann acu le roghnú freisin: NG323, NG333, NG334, NG335X, NG339, SG208, SG308.**

Nóta 1: Maidir le NG335X, ní mór don mhac léinn marc 65/100 – nó níos airde – a bheith faighte aige/aici sa mhodúl NG211.

Nóta 2: Maidir le SG208, ní féidir leat an modúl seo a roghnú mura bhfuil SG207 ('Sean-Ghaeilge – Old Irish 1') déanta agat i Seimeastar 1.

Nóta 3: Maidir le SG308, ní féidir leat an modúl seo a roghnú mura bhfuil SG307 ('Sean-Ghaeilge – Old Irish 3') déanta agat i Seimeastar 1.

**Roinn na Nua-Ghaeilge**  
**An Tríú Bliain 2024–25**  
**Leathanach Clúdaigh**

**Ainm agus Sloinne:** \_\_\_\_\_

**Uimhir an Mhic Léinn:**

\_\_\_\_\_

**Teideal na hOibre:**

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Sprioclá:**

\_\_\_\_\_

**Oide/ Teagascóir/ Léachtóir:**

\_\_\_\_\_

**Seicliosta**

- Is mise amháin a rinne an bhunobair seo
- Níor léigh ná níor leasaigh éinne eile an aiste/ tasc seo agus í/ é á scríobh agam ná i ndiaidh dom í/ é a chríochnú
- Áit ar bith ar bhain mé leas as tuairimí/ smaointe/ sleachta as saothair údair eile, tá mé tar éis a leithéid a chur in iúl go soiléir mar ba chúig agus níl aon bhradaíl déanta agam
- Níor thug mise ná aon duine eile an obair seo isteach cheana féin mar chuid d'aon chúrsa eile
- Níor bhain mé úsáid as aon acmhainn intleachta saorga [AI] ná acmhainn neamhcheadaithe ar bith eile agus an aiste/ tasc seo á réiteach agam
- Tuigim go bhféadfaí mé a chur faoi agallamh sa chás go mbeadh amhras ar oide/ teagascóir/ léachtóir an ranga faoi bhunús/ úinéireacht na hoibre
- Tuigim go mbronnfar 0 orm murar chloígh mé le gach ní a luaitear sa seicliosta seo

Síniú:

Dáta: